Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**16004/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0451(NLE)**

**POLCOM 288**
**SERVICES 59**
**COASI 215**
**TELECOM 382**
**DATAPROTECT 364**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch |

**CINNEADH (AE) .../... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Iúil 2022, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún caibidlíocht a dhéanamh maidir le forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur isteach sa Chomhaontú idir an tAontas agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch[1].

(2) An 28 Deireadh Fómhair 2023, tugadh i gcrích an chaibidlíocht maidir leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch ('an Prótacal') a mhéid a bhaineann le saorshreabhadh sonraí.

(3) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus thug an Maoirseoir tuairim an ...[3].

(4) Ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth is faide anonn,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 330, 27.12.2018, lch. 3.

2 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

3 IO C, ..., ELI: ... .

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch ('an Prótacal') a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Prótacal sin a thabhairt i gcrích[4+].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[4] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in …[*cuir isteach an tagairt IO*].
[+] Toscaireachtaí : féachaigí doiciméad st 16006/23.